

[13_02.mp3](#)

Téipscript **Bileog 13.2**

Máthair: A Jan, tar isteach!
Máire: Bain díot do chóta agus tóg go bog é.
Jan: Tá mé ceart go leor, a Mháire! Ná bí buartha.
Máthair: Déanfaidh mise an tae, tá an citeal ag gal.
Jan: An dtiocfadh liom cuidiú leat?
Máire: Cinnte. Glan an tábla ansin agus faigh na cupáin ón chófra.
Jan: Ceart go leor.
Máire: Cuir an bainne agus an siúcra ar an tábla fosta!

[13_07.mp3](#)

Téipscript **Bileog 13.7**

Cuid A

1. Oscail an doras
2. Tabhair dom an peann
3. Glan an bord

Cuid B

1. An bhféadfá teacht liom?
Ní fhéadfainn! Tá coinne agam.
2. Ar mhiste leat an obair sin a dhéanamh?
Cinnte, bomaite amháin.
3. Ar mhiste leat an litir a chur sa phost?
4. Níor mhiste!

Cuid C

1. Ar mhiste leat rá le Máire teacht anseo, le do thoil?
Níor mhiste!
2. An bhféadfá an leabhar sin a thabhairt dom?
Gan dabht, fadhb ar bith.
3. Ar mhiste leat gar beag a dhéanamh dom?
Tá brón orm, ach tá mé róghnóthach.

[13_08.mp3](#)

Téipscript **Bileog 13.8**

-An dtig liom an doras a oscailt, le do thoil?
-Cinnte! Tá sé an-te.

-An bhféadfainn an leabhar sin a fháil ar iasacht?
-Gan dabht, ach beidh sé ag teastáil uaim arís Dé Luain.

-An bhféadfainn tuilleadh fataí a fháil, le do thoil?
-Seo dhuit!

-An dtig liom an ceol sin a chasadh síos rud beag?
-Cinnte. Tá sé cineál ard.

-An bhféadfainn Siobhán a thabhairt liom anocht?
-Ní cheapfainn é, tá sí ró-óg.

-An dtig liom labhairt le Síle, le do thoil?
-Bomaite amháin, gheobhaidh mé í.

-An bhféadfainn airgead a fháil ar iasacht le lón a cheannach?
-Ceannóidh mise lón duit.

-An dtig liom pionta a cheannach duit?
-Cinnte. Ba bhreá liom deoch.

[13 12.mp3](#)

Téipscrip

Bileog 13.12

-An dtig liom labhairt le Síle, le do thoil?
-Tá brón orm ach tá sí as láthair.

-An bhféadfainn labhairt le Pól, le do thoil?
-Fan nóiméad, tá sé ag teacht.

-An dtig liom labhairt le Bríd, le do thoil?
-Cinnte, gheobhaidh mé í, tá sí san oifig inniu.

-An dtig liom labhairt le hÁine, le do thoil?
-Tá brón orm ach tá sí as baile.

-An dtig liom labhairt le Seán, le do thoil?
-Tá brón orm ach tá sé ag cruinniú.

-An bhféadfainn labhairt le Lisa, le do thoil?
-Tá brón orm ach tá sí breoite.

-An dtig liom labhairt le Séamas, le do thoil?
-Tá brón orm ach tá sé ag ithe lóin.

-An dtig liom labhairt le Diarmuid, le do thoil?
-Bomaite amháin, tá sé ar an líne eile.

-An bhféadfainn labhairt le Mary, le do thoil?
-Tá brón orm ach tá sí ar laethanta saoire.

-An dtig liom labhairt le Muireann, le do thoil?
-Fan go bhfeice mé, tá sí ar an ghuthán.